



13545/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0265(COD)**

CODEC 1787
FSTR 68
FC 62
REGIO 103
SOC 648
AGRISTR 81
PECHE 429
CADREFIN 298
POLGEN 195

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann leis na hacmhainní le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus a mhéid a bhaineann leis na hacmhainní le haghaidh sprioc na hinfheistíochta le haghaidh fáis agus post (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. Ar an 28 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite¹, atá bunaithe ar Airteagal 177 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 17 Deireadh Fómhair 2018². Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.
3. Ar an 23 Deireadh Fómhair 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air agus dá bhrí sin ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis³.

¹ 10642/18.

² Nár foilsíodh fós.

³ 13319/18.

3. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 57/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Parlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
